

# Ráiteas Inrochtaineachta

## Forbhreathnú

Baineann an ráiteas inrochtaineachta seo leis an suíomh gréasáin suirbhé CensusAtSchool.ie do thionscadal CensusAtSchool.ie atá á reáchtáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Ba mhaith le foireann tionscadail CensusAtSchool go mbeadh taithí mhaith ag gach duine a úsáideann ár suíomhanna gréasáin agus ár suirbhéanna; chuige sin, ba cheart go mbeifeá in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh ar an suíomh gréasáin:

- zúmáil isteach suas go 300% agus ní scaipfidh an téacs amach ón scáileán
- nascleanúint a dhéanamh ar an gcuid is mó den suíomh gréasáin seo gach ach méarchlár a úsáid
- nascleanúint a dhéanamh ar an gcuid is mó den suíomh gréasáin seo le bogearraí aitheanta cainte
- éisteacht leis an gcuid is mó den suíomh gréasáin seo le léitheoir scáileáin

## Inrochtaineacht le haghaidh gléasanna éagsúla

Mínítear conas is féidir le daoine a ríomhairí, a dtáibléid agus a bhfón cliste a dhéanamh níos éasca le húsáid ar [My Computer My Way](#) de chuid AbilityNet. Roinntear an fhaisnéis sin sna codanna seo a leanas: [amharc](#), [éisteacht](#), [luaileach](#) agus [cognaíoch](#) (difríochtaí foghlama). Cumhdaítear raon leathan gléasanna le [bileoga fíricí](#) is féidir a íoslódáil.

## Inrochtaineacht an tsuirbhé

Cuirtear inneachar an tsuímh gréasáin seo ar fáil do gach duine a ghlacann páirt sa ghníomhaíocht foghlama de chuid CensusAtSchool.ie chun an ghníomhaíocht sin a úsáid agus a thuiscint.

Breathnaigh ar ár leathanaigh tacaíochta inrochtaineachta má theastaíonn aon chúnamh nó comhairle eile uait chun do thaithí ar an suíomh gréasáin seo a fheabhsú.

## Faisnéis nach féidir rochtain a fháil uirthi agus fadhbanna a thuairisciú

Rinneadh cáipéisí agus treoracha de chuid CensusAtSchool.ie a inrochtana agus arbh fhéidir. Ach ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil linn chun tuilleadh faisnéise a fháil má bhíonn deacracht agat agus má theastaíonn formáid mhalartach uait.

Féadfaidh tú na [sonraí teagmhála](#) seo a úsáid freisin chun aon fhadhb atá agat le hinrochtaineacht an inneachair seo a thuairisciú nó chun aiseolas a chur ar fáil faoin inrochtaineacht.

## Próiseas forfheidhmithe

[Téigh i dteagmháil linn](#) chun muid a chur ar an eolas má thuairiscigh tú fadhb leis an suíomh gréasáin ach nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fuair tú.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chomhionannas agus Cearta an Duine (EHRC) atá freagrach as Rialacháin Inrochtaineachta le haghaidh Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí (Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha) 2018 a fhorfheidhmiú.

**[Téigh i dteagmháil leis an 'Equality Advisory and Support Service'.](#)**

## Faisnéis theicniúil faoi inrochtaineacht an tsuímh gréasáin seo

Comhlíonann an suíomh gréasáin seo **caighdeán 2.1 de chuid na dTreoirlínte maidir le hinrochtaineacht inneachair ar an nGréasán (WCAG)** i bpáirt.

Liostáiltear na réimsí neamhchomhlíonta thíos agus déantar cur síos ar an ngné nach gcomhlíonann na Treoirlínte, an fáth ar eisceacht atá inti nó an chaoi a mbeartaímid an neamhchomhlíonadh a réiteach.

## Inneachar nach féidir rochtain a fháil air

Rinneamar iniúchadh ar ár suíomh gréasáin don suirbhé i gcoinne chaighdeán WCAG 2.1. Tharraing sé sin aird ar chodanna nach gcomhlíonann na rialacháin inrochtana nó nach gcomhlíonann iad go fóill.

### Naisc gan cur síos orthu

Theastaigh cuir síos níos bríche le haghaidh roinnt nasc ionas nach mbeadh mearbhall ar dhaoine á léamh (WCAG: 2.4.4).

Déanfar na naisc oiriúnaithe uile atá ann a athbhreithniú agus a réiteach; d'fhéadfadh nach mbeadh naisc tríú páirtí san áireamh sa mhéid sin (léigh an fhaisnéis thíos chun tuilleadh a fhoghlaim faoi sin). Déanfar cur síos bríoch ar gach nasc nua chun an caighdeán reatha a chomhlíonadh.

### Íomhánna gan cur síos orthu

Ní raibh téacs tuairisciúil malartach ar fáil le haghaidh roinnt íomhánna, d'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag daoine a úsáideann gléasanna oiriúnaitheacha agus léitheoirí scáileáin leo dá bharr (WCAG: 1.1.1).

Cuireadh an fhadhb sin ina ceart, ach mar sin féin, téigh i dteagmháil linn má aimsíonn tú aon íomhánna nach gcomhlíonann nó nach gcuirtear cuir síos leordhóthanacha ar fáil ina leith chun iad a chur in iúl dúinn.

### Fadhbanna codarsnacha

Tá codarsnacht íseal idir an cúlra agus an téacs i réimsí ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag daoine a bhfuil lagamharc acu nó atá dall ar dhathanna na téacsanna sin a léamh dá bharr (WCAG: 1.4.3).

Chuireamar an fhadhb sin ina ceart ag cinntiú go n-úsáidfean an téacs malartach cuí, ach tá roinnt gnéithe mar chuid de theimpléad tríú páirtí (léigh an fhaisnéis thíos chun tuilleadh a fhoghlaim faoi sin). Cuir aon ghnéithe a aimsíonn tú ina bhfuil codarsnacht íseal iontu faoinár mbráid.

### Úsáidtear táblaí sa leagan amach

Úsáidtear táblaí chun inneachar a leagan amach i roinnt réimsí, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair ar dhaoine a úsáideann teicneolaíocht oiriúnaitheach nascleanúint a dhéanamh ar an inneachar sin ar an suíomh gréasáin. (WCAG: 1.3.1, 1.3.2).

Bhaineamar gach ceann de na táblaí a úsáideadh chun inneachar saincheaptha a leagan amach, cuir i gcás, ceisteanna. Tá roinnt réimsí den teimpléid suirbhé fós ag brath ar tháblaí chun an fhaisnéis atá iontu a léiriú, léigh an téacs thíos chun níos mó faisnéise a fháil faoin gcaoi a mbeartaímid an fhadhb sin a chur ina ceart.

### Inneachar ó Thríú Páirtí

Tá ár suíomh gréasáin don suirbhé ag brath ar ardán tríú páirtí foinse oscailte (LimeSurvey), agus dá bharr sin níl bhfuil smacht iomlán againn ar roinnt gnéithe idirghníomhacha (WCAG: 5.4.0). Áirítear leis sin na cineálacha ceisteanna a mheastar a bheith riachtanach le húsáid, amhail ceisteanna scála agus ceisteanna anuas a

bhíonn ag brath ar JavaScript. Áirítear leis freisin gnéithe físiúla atá mar chuid den bhonnteimpléad agus den bhonntéama (WCAG: 4.1.2).

Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar inneachar saincheaptha le cinntiú go bhfuil sé inrochtana fad a oibrímid chun bogearraí an ardáin a fheabhsú agus a nuashonrú agus na fadhbanna neamhchomhlíonta atá fós le réiteach agus a tháinig chun cinn mar gheall go n-úsáidtear LimeSurvey, ardán tríú páirtí, a réiteach.

## **Ualach díréireach agus an raon feidhme inrochtaineachta**

Níor rangáíodh aon inneachar neamhchomhlíonta mar [ualach díréireach](#) atá le réiteach agus níl aon fhadhb againn a rangófaí mar eisceacht faoin dlí.

Níor measadh go bhfuil aon inneachar suirbhé lasmuigh de raon feidhme na rialúchán inrochtaineachta, seachas inneachar sonrach ó Thríú Páirtí, i.e. LimeSurvey. Mar shampla, téacs atá mar chuid de theimpléad nó téama.

## **Inrochtaineacht a fheabhsú**

Leagadh amach sa ráiteas na bealaí a bhfuil foireann tionscadail CensusAtSchool.ie ag oibriú chun inrochtaineacht shuíomh gréasáin an tsuirbhé a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh comhlíonfaidh aon inneachar nua a chruthaítear na rialacháin nua.
- Tabharfar freagairt ghasta agus éifeachtach ar thuairiscí maidir le hinneachar neamhchomhlíonta.
- Cuirfear pleananna i bhfeidhm chun uirlisí tríú páirtí a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aon fhadhb atá le réiteach fós a chur ina ceart.

Rinneadh an t-iniúchadh agus an tástáil is déanaí ar shuíomh gréasáin an tsuirbhé i Meán Fómhair 2020 do thionscadal CensusAtSchool.ie agus cruthaíodh ráiteas ar an 9 Meán Fómhair 2020.